2025/1236

20.6.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1236 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Meitheamh 2025

lena gceaptar Leas-Chathaoirleach ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2001/79/CBES ón gComhairle an 22 Eanáir 2001 lena mbunaítear Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun mhír 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2001/79/CBES, má tá Cathaoirleach Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh ('an Coiste Míleata') as láthair, tá Leas-Chathaoirleach buan Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh ('an Leas-Chathaoirleach'), má chinntear amhlaidh an post sin a bhunú agus a líonadh, le cur ina ionad.

(2) An 15 Deireadh Fómhair 2024, chomhaontaigh an Coiste Míleata, ag teacht le chéile dó ar leibhéal na gCeann Cosanta, post Leas-Chathaoirleach a chruthú. Ba cheart don Chomhairle an Leas-Chathaoirleach a cheapadh ar mholadh ón gCoiste Míleata.

(3) Ag an gcruinniú a bhí aige an 30 Aibreán 2025, mhol an Coiste Míleata go gceapfaí an Maor-Ghinearál Enrico BARDUANI ina Leas-Chathaoirleach, go ceann tréimhse 3 bliana ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2028,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Maor-Ghinearál Enrico BARDUANI ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh, go ceann tréimhse 3 bliana, ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 30 Samhain 2028.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 16 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

P. HENNIG-KLOSKA

([1]) IO L 27, 30.1.2001, lch. 4.